



Freagra ar Chomhairliúchán: Beartas um Iolrachas na Meán

Sa doiciméad seo tá freagra ó Choimisiún na Meán ar [a chomhairliúchán poiblí ar an dréacht-Bheartas um Iolrachas na Meán](#).

Osclaíodh an comhairliúchán poiblí an 1 Meán Fómhair 2025 agus dúnadh é an 24 Deireadh Fómhair 2025.

Fuarthas dhá aighneacht déag (12) tríd an gcomhairliúchán poiblí.

Tá breithniú déanta ag Coimisiún na Meán ar na haighneachtaí a rinneadh. Agus é ag féachaint go cuí do na haighneachtaí ina n-iomláine, d'fheidhmigh Coimisiún na Meán a bhreithiúnas agus tháinig sé ar a chuid tuairimí ar an dréacht-Bheartas um Iolrachas na Meán.

Sa doiciméad seo tugtar freagra ar na príomh-shaincheistanna a tarraingíodh anuas sa chomhairliúchán poiblí.

Clár Ábhar

1. Réamhrá agus cúlra	3
Cuspóir an fhreagra ar chomhairliúchán	3
2. Beartas um Iolrachas na Meán	4
Na céimeanna atá romhainn	5
3. Forbhreathnú ar an gcomhairliúchán agus freagra an Choimisiúin	6
Ról Choimisiún na Meán	6
Cad is Iolrachas na Meán ann?	6
An tábhacht a bhaineann le hIolrachas na meán	7
Rioscaí agus dúshláin d'Iolrachas na meán	8
Fís, spriocanna, réimsí toraidh agus táscairí	8
Struchtúr agus cur chun feidhme an Bheartais	9



1. Réamhrá agus cúlra

Is é Coimisiún na Meán (“**An Coimisiún**”) an ghníomhaireacht neamhspleách a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa in Éirinn. Bunaíodh an 15 Márta 2023 é.

Ar an 1 Meán Fómhair 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún [a chomhairliúchán poiblí ar dhreacht-Bheartas um Iolrachas na Meán](#), agus chuir sé fáilte roimh aighneachtaí go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2025. Is oth linn a rá nach bhfuil leagan Gaeilge den doiciméad seo ar fáil.

Fuair an Coimisiún dhá aighneacht déag ar a chomhairliúchán ón bpobal, ó sholáthraithe seirbhíse meán, ó chumainn ionadaíochta agus ó na hollscoileanna.

[Rinneadh cóipeanna de na haighneachtaí a fuarthas](#) a fhoilsiú ar leithligh.

Cuspóir an fhreagra ar chomhairliúchán

I gcomhréir leis na [Treoirínte Comhairliúcháin](#) a d’fhoilsigh an Coimisiún, foilsítear freagra ar chomhairliúchán tar éis phróiseas comhairliúcháin an Choimisiúin a chur i gcrích.

Tá breithniú déanta ag an gCoimisiún ar na haighneachtaí a rinneadh. Agus é ag féachaint go cuí do na haighneachtaí ina n-iomláine, d’fheidhmigh an Coimisiún a bhreithiúnas agus tháinig sé ar a chuid tuairimí ar an mBeartas um Iolrachas na Meán.

Leagtar amach sa fhreagra seo ar chomhairliúchán na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn tríd an gcomhairliúchán agus déantar achoimre ar an gcaoi a gcuirtear saincheisteanna áirithe a tarraingíodh anuas le linn an chomhairliúcháin san áireamh sa Bheartas críochnaitheach um Iolrachas na Meán. I bhfianaise raon agus líon na n-aighneachtaí a bhfuarthas, níl sé i gceist go mbeadh an freagra ar an gcomhairliúchán uileghabhálach. Níor cheart glacadh le mainneachtain tagairt a dhéanamh d’aon saincheist shonrach mar mhainneachtain ar thaobh an Choimisiúin féachaint d’aon aighneacht ar leith nó do na haighneachtaí ina n-iomláine.

Coimeádann an Coimisiún an ceart, i bhfeidhmiú a lánrogha, chun glacadh le hábhair nó le beartais a rinneadh comhairliúchán orthu agus iad a fhoilsiú, bíodh leasú i gceist leo nó ná bíodh.

Leagtar amach sa doiciméad seo na hathruithe a rinneadh maidir leis an dreacht-Bheartas um Iolrachas na Meán a foilsíodh an 1 Meán Fómhair 2025.



2. Beartas um Iolrachas na Meán

Ghlac an Coimisiún leis an leagan deiridh den [Bheartas um Iolrachas na Meán](#) agus d'fhoilsigh sé é.

Tá roinnt cumhachtaí, feidhmeanna, agus freagrachtaí ag an gCoimisiún chun seasamh leis an tsaoirse cainte agus iolrachas na meán a chinntiú.

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a chinntiú:

- Go dtacófar leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht;
- Go ndéanfar leasanna an phobail a chosaint;
- Go mbeidh na seirbhísí craolacháin agus na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá ar fáil sa Stát oscailte, ionchuimsitheach agus iolraíoch;
- Go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh sna socruithe rialála;
- Go gcuirfear cláir ardcháilíochta, éagsúla agus nuálacha ar fáil;
- Go mbeidh éagsúlacht agus trédhearcacht i rialú na meán cumarsáide atá ag feidhmiú sa Stát;
- Go gcuirfear litearthacht sna meáin chun cinn trí thaighde agus oideachas; agus
- Go gcothóidh an timpeallacht rialála iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta.

Is coincheap seanbhunaithe é iolrachas na meán i gcreataí um chearta an duine, atá nasctha leis an gceart chun saoirse cainte. Aithnítear meáin shaora agus iolraíocha mar cholúin den daonlathas nua-aimseartha, rud a fhágann gur féidir faisnéis a scaipeadh agus an chumhacht a thabhairt chun cuntais.

Leagtar amach i [Ráiteas Straitéise 2025 – 2027](#) (an “**Straitéis**”) ón gCoimisiún an misean atá aige tírdhreach meán a rialáil, tacú leis agus é a fhorbairt ar bhealach lena gcothaítear sochaí dhaonlathach agus iolraíoch. Tá iolrachas na meán lárnach chun na **torthaí straitéiseacha** a thugtar breac-chuntas orthu sa Straitéis a bhaint amach, lena n-áirítear:

- raon leathan tuairimí a chur in iúl go dleathach, agus a chur ar chumas daoine ina n-éagsúlacht a dtuairimí dleathacha a chur in iúl, agus a bheith ina ndaoine aonair barántúla i ngach cineál meán;
- earnáil meán in Éirinn atá inrochtana, cuimsitheach, éagsúil agus ionadaíoch ar Éirinn chomhaimseartha;
- éagsúlacht úinéireacht na meán agus iolracht na mbealaí léiriúcháin, dáileacháin agus seachadta;
- léiriú ábhair ag eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí a bhfuil meas air agus a úsáidtear; agus
- daoine a lorgaíonn, a shainaithníonn agus a úsáideann ábhar ó fhoinsí iontaofa faisnéise.

An Beartas um Iolrachas na Meán:

- Ról an Choimisiúin a leagan amach;
- Cur síos a dhéanamh ar ról agus ar chuspóir an Bheartais, agus ar an gcaoi a n-úsáidfear an Beartas;
- Cur síos a dhéanamh ar a thábhachtaí atá iolrachas na meán, agus ar na rioscaí agus na dúshláin atá roimh iolrachas na meán;
- Fís agus cuspóirí a leagan síos don Choimisiún maidir le tacú le hiolrachas na meán a chruthú agus é a chosaint; agus
- Réimsí agus táscairí toraidh a bhunú, rud a chuireann bonn leis an gCoimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar agus chun iolrachas na meán a thomhas.

Tá sé i gceist leis an mBeartas soiléireacht a chur ar fáil do gach páirtí leasmhar maidir le tuiscint an Choimisiúin ar iolrachas na meán, agus conas a threoróidh iolrachas na meán gníomhaíochtaí na heagraíochta.



Na céimeanna atá romhainn

De réir na dtáscairí a leagadh amach sa Bheartas críochnaitheach, cuirfidh an Coimisiún tús le creat a fhorbairt chun iolrachas na meán a thomhas. Is é is sprioc leis seo ná bonn fianaise a leagan síos chun gur féidir leis an gCoimisiún gníomhartha cuí agus spriocdhírthe a dhéanamh.

Le linn an phróisis seo, fiosrófar na nithe seo a leanas:

- cén cineál faisnéise agus sonraí is féidir a bhailiú agus a anailísiú,
- na tátail ar féidir a bhaint as an bhfaisnéis agus na sonraí a bailíodh,
- aon torthaí maidir le staid iolrachais na meán,
- conas is féidir leis na torthaí seo eolas a thabhairt maidir le cé acu atá an Coimisiún ag imirt tionchair i réimsí toraidh an Bheartais, agus, ar bhonn níos leithne, do Straitéis na heagraíochta, nó nach bhfuil, agus
- conas is féidir leis an gCoimisiún gníomhú ar bhonn na dtorthaí sin chun iolrachas na meán a chur chun cinn agus a chosaint.

Tá i gceist leis an bpróiseas seo go mbeidh sé comhoibríoch a oiread agus is féidir, agus tá an Coimisiún ag súil le rannpháirtíocht ó pháirtithe leasmhara d'fhonn a chinntiú go bhfuil a thomhas cruinn.

Agus iolrachas na meán á thomhas aige, agus é ag gníomhú ar bhonn aon tomhais, beidh aird chuí ag an gCoimisiún ar a shainchúram rialála agus ar phrionsabail na comhréireachta, na comhsheasmhachta agus na cothroime.



3. Forbhreathnú ar an gcomhairliúchán agus freagra an Choimisiúin

Ról Choimisiún na Meán

Forbhreathnú ar thuairimí

Cé gur fháiltigh freagróirí roimh an dréacht-Bheartas agus ról an Choimisiúin in iolrachas na meán mar a leagadh amach sa dréacht-Bheartas, thug roinnt acu le fios nár cuireadh gnéithe áirithe den dréacht-Bheartas i láthair mar is cuí. Mhol freagróirí áirithe go mbeadh béim níos láidre ar a thábhachtaí a bhfuil sé d'iolrachas na meán go mbeadh na meáin inmharthana, mar aon le béim níos láidre ar ghníomhartha a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchar ardán ar líne ar iolrachas agus inmharthanacht na meán.

Anuas air sin, dúirt freagróirí áirithe go raibh seans go mbeadh coimhlínt nó neamhréireacht idir an Beartas agus an creat rialála, agus thug siad rabhadh i gcoinne gníomhartha a d'fhéadfadh titim lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin, nó i gcoinne aon ghnímh arbh ionann agus ró-rialúchán, ró-idirghabháil nó nach mbeadh de réir rialachas láithreach agus a mbeadh bloghadh mar thoradh air.

Dhírigh aighneachtaí áirithe ar ghnéithe áirithe de ról an Choimisiúin in iolrachas na meán, lena n-áirítear comhchruinniú margaidh meán agus cumasc meán. Iarradh sna haighneachtaí a dhírigh ar chumasc meán go ndéanfaidh an Coimisiún, agus breithniú á dhéanamh aige ar a Bheartas, athbhreithniú ar a rialacha úinéireachta agus smachta.

Freagra an Choimisiúin

Admhaíonn an Coimisiún go bhfuil inmharthanacht na meán rithabhachtach mar bhonn taca faoi iolrachas na meán; déantar níos mó tagairtí sonracha sa dréacht-Bheartas anois maidir leis an spleáchas rithabhachtach seo ar inmharthanacht sna réimsí den téacs a bhaineann leis “An tábhacht a bhaineann le hiolrachas sna meáin” agus “Rioscaí agus dúshlán d'iolrachas na meán”.

I ndáil le haighneachtaí a bhaineann le sainchúram an Choimisiúin agus scóp na gníomhaíochta le tabhairt faoi, thug an Coimisiún, agus é ag dréachtú an Bheartais, aird ar a shainchúram reachtúil agus dar leis gur léirigh sé a ról maidir le hiolrachas na meán mar is cuí i dtéacs críochnaitheach an Pholasaí. Agus é ag gníomhú maidir leis an mBeartas, ní foláir don Choimisiún cloí lena shainchúram, agus comhlíonfaidh sé prionsabail na comhréireachta, na comhsheasmhachta agus na cothroime i ngníomhartha den sórt sin. Tá friotal i réamhrá an Bheartais anois maidir leis an dóigh ar cheart don Choimisiún a shainchúram a chomhlíonadh agus cloí le prionsabail den sórt sin.

I leith comhchruinnithe margaidh agus cumasc meán, is féidir go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú neamhspleách ar a rialacha maidir le húinéireacht agus smacht ar sheirbhísí meán – ach níl athbhreithniú ar thairseacha úinéireachta, mar a shonraítear sa Bheartas maidir le Rialú agus Úinéireacht láithreach de chuid an Choimisiúin, mar chuid d'fhorbairt ná d'fhoilsiú an Bheartais um iolrachas na Meán.

Cad is iolrachas na Meán ann?

Forbhreathnú ar thuairimí

D'fháiltigh freagróirí ar an iomlán roimh an teanga a mhol an Coimisiún i ndáil le gnéithe a chur le hiolrachas na meán sa dréacht-Bheartas. Moladh gnéithe áirithe a chur leis, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le héagsúlacht teanga agus níos mó tagairtí d'inmharthanacht na meán.



In aighneachtaí eile moladh go mbeadh níos mó soiléire ann, lena n-áirítear ar úsáid an téarma “iolrachas na meán” seachas “iolracht na meán,” agus tuiscint ar an gciall atá le hábhar meán a “chruthú,” lena n-áirítear soiléire ar conas a chuirfí an Beartas i bhfeidhm i leith cruthaitheoirí aonair ábhar seachas soláthraithe seirbhíse meán.

Freagra an Choimisiúin

Léiríonn an Beartas an gá atá ann go mbeadh ábhar meán sofhreagrach maidir le sochaí éagsúil agus go léireodh sé an tsochaí sin – éagsúlacht teanga san áireamh. Tugann an Coimisiún d’aire an léitheora freisin go bhfuil feidhm reachtúil aige chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí craolacháin agus na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá ar fáil sa Stát oscailte, ionchuimsitheach agus iolraíoch, agus maidir le beartais an Choimisiúin i leith na seirbhísí sin, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, agus éagsúlacht phobal na hÉireann á cur san áireamh, lena n-áirítear a n-éagsúlacht teanga.

Maidir leis an bhféidearthacht inmharthanacht na meán a chur san áireamh, measann an Coimisiún go ndearna sé go leor tagairtí ar inmharthanacht na meán i dtéacs an Bheartais trí chéile, lena n-áirítear faoi athruithe a rinneadh mar gheall ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí – agus iad sin leabaithe i dtábhacht iolrachas na meán, na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann le hiolrachas na meán, réimsí toraidh an Bheartais agus táscairí an Bheartais.

Maidir leis an difear idir iolrachas agus iolracht, tugann an Coimisiún d’aire an léitheora go n-úsáideann sé an téarma ‘iolrachas’ de réir na húsáide sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le reachtaíocht Eorpach lena rialáiltear soláthar meán agus seirbhísí ar líne, lena n-áirítear an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán.

Maidir leis an ról atá ag cruthaitheoirí ábhair, is é atá i gceist leis an téarma “cruthaitheoirí ábhar meán” ná a aithint go bhfuil ann do ghníomhairí i dtírdhreach na meán a chruthaíonn ábhar meán. Saináithnítear sa Bheartas go bhféadann daoine aonair ábhar a chruthú i gcomhréir le Ráiteas Straitéise an Choimisiúin, agus aithnítear leis sin go bhfuil ar chumas an phobail ábhar a thomhailt agus a chruthú. Tagann sé sin le tuiscint ar thírdhreach na meán trínar féidir le daoine aonair, cuir i gcás iriseoirí, tionchairí nó cruthaitheoirí ábhair eile, seirbhísí meán agus ábhar a sholáthar. Beidh aird chuí ag an gCoimisiún ar a shainchúram rialála agus ar phrionsabail na comhréireachta, na comhsheasmhachta agus na cothroime le linn a ghníomhartha chun tacú le hiolrachas na meán, lena n-áirítear i ndáil leis na gníomhaithe áirithe i dtírdhreach na meán.

An tábhacht a bhaineann le hiolrachas na meán

Forbhreathnú ar thuairimí

Ar an iomlán, bhí freagróirí sásta leis an mbealach ar chur an Coimisiún tábhacht iolrachas na meán i láthair sa dréacht-Bheartas.

Mhol aighneachtaí áirithe gur chóir don Bheartas díriú ar ról na meán i sochaithe daonlathacha, ar an tábhacht a bhaineann le soláthraithe meán pobail agus áitiúla agus ar thábhacht na meán iontu féin maidir le gnéithe áirithe den tsochaí.

Anuas air sin, mhol aighneachtaí gur chóir don Bheartas a léiriú ar bhealach ní ba láidre go bhfuil inmharthanacht na meán spleách ar fhorbairtí airgeadais agus teicneolaíochta.

Freagra an Choimisiúin



Tugann an Coimisiún d'aire an léitheora na freagraí a rinneadh, agus chuir sé friotal breise sna míreanna sin den Bheartas a bhaineann le "tábhacht iolrachas na meán" agus "rioscaí agus dúshlán a bhaineann le hiolrachas na meán," chun béim a leagan ar ról na meán i sochaithe daonlathacha agus ar an spleáchas atá ag iolrachas na meán ar innharthanacht réimse seirbhísí meán agus ábhair. Athraíodh an Beartas chun a thabhairt le fios go dtarraingítear anuas ceisteanna suntasacha agus saincheisteanna maidir le hinmharthanacht agus aimsiú seirbhísí meán agus ábhair mar gheall ar fhorbairtí sa reachtaíocht, sa bheartas agus sa teicneolaíocht.

Anuas air sin, déantar tagairt sa Bheartas don Sciath Eorpach don Daonlathas nua de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, rud a leagann béim ar an ról atá ag meáin shaora agus neamhspleáchas sa daonlathas.

Rioscaí agus dúshlán d'iolrachas na meán

Forbhreathnú ar thuairimí

Bhí na freagróirí a bheag nó a mhór ar aon intinn leis an gCoimisiún ó thaobh na rioscaí agus na dúshlán a sainathnódh sa dhréacht-Bheartas, ach rinneadh líon áirithe aighneachtaí inar iarradh ar an gCoimisiún rioscaí agus dúshlán áirithe a shainaithint go follasach nó a athléiriú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le comhchruinniú margaidh agus ioncam margaíochta digití, sábháilteacht na n-iriseoirí, leibhéil mhuiníne sna meáin, bagairtí ar sholáthar meán Gaeilge, bagairtí ar mheáin seirbhíse poiblí, tionchar na n-ardán ar líne agus teicneolaíochtaí eile agus an gá atá ann le heintitis meán chun dul i ngleic leis an gclaochlú digiteach.

Freagra an Choimisiúin

Tá an Coimisiún tar éis dhá fhadhb, comhchruinniú margaidh meán agus comhchruinniú ioncaim margaíochta digití, a imdhealú óna chéile. Tá san áireamh anois chomh maith sábháilteacht na n-iriseoirí agus leibhéil mhuiníne sna meáin mar rioscaí agus dúshlán shonracha d'iolrachas na meán.

Luann an Coimisiún nach bhfuil i gceist leis an mBeartas go mbeidh cuntas uilechuimsitheach ann ar gach riosca agus dúshlán dá bhfuil ann i dtírdhreach na meán, agus measann sé go léirítear ar an iomlán i dtéacs an Bheartais, leasuithe san áireamh, na príomhrioscaí agus na príomhdúshláin atá le fáil sa tírdhreach. Fiosrófar tuilleadh ar mhiondífriochtaí agus iarmhairtí na rioscaí agus na dúshlán sin ar fad, lena n-áirítear aon ghníomh a bhféadfadh an Coimisiún glacadh leis chun dul i ngleic le haon cheann díobh siúd nó leo go léir, agus an Beartas á chur i bhfeidhm, agus déanfar iad a mionshonrú ag an am céanna.

Fís, spriocanna, réimsí toraidh agus táscairí

Forbhreathnú ar thuairimí

Sna haighneachtaí cuireadh fáilte roimh an bhfís agus roimh na cuspóirí mar a leagadh amach sa dréacht-Bheartas iad, agus tugadh roinnt smaointí maidir le conas arbh fhéidir na cuspóirí sin a bhaint amach. Mar a luadh thuas, in aighneachtaí áirithe tugadh rabhadh maidir leis an mbaol féideartha ró-rialúcháin nó go bhféadfaí dul thar acmhainn le sainchúram agus gníomhaíochtaí an Choimisiúin. D'iarr freagróirí áirithe ord tosaíochta nó cur i láthair éagsúil do na spriocanna.

D'fháiltigh freagróirí roimh na réimsí toraidh, ach léirigh siad raon saincheisteanna a bhféadfaí machnamh a dhéanamh orthu chun cur leo, lena n-áirítear rochtain trasteorann ar ábhar meán, níos mó aitheantais ar na dúshlán struchtúrtha in earnáil na meán, béim ar rannpháirtíocht agus ar spásanna comhroinnte i dtírdhreach na meán agus go bhféadfaí na rioscaí roimh iriseoirí a phlé athdhearbhú.

I ndáil leis na táscairí, d'aontaigh freagróirí leis na tosca cuí mar a leagadh amach iad, ach lorg siad níos mó soiléire maidir leis na foinsí faisnéise agus sonraí a d'úsáidfí, an fhéidearthacht a bheadh ann ró-ualach a chur ar sholáthrairí seirbhíse i gcás go mbeadh a thuilleadh tuairiscithe le déanamh agus conas a



d'úsáidí na táscairí chun athrú inbhraite a bhaint amach. Thug freagróirí eile d'aire an Choimisiúin go bhféadfaí comhréiteach a bheith ann idir táscairí, agus gur chóir béim a chur ar ualú agus tábhacht choibhneasta na dtáscairí sa saol mar atá. Luaigh freagróirí áirithe eile go bhféadfaí breathnú isteach ní amháin ar fheasacht an phobail i ndáil le nithe áirithe ach ar fheasacht soláthraithe seirbhíse cuí chomh maith. Chomh maith leis sin mhol freagróirí go ndéanfaí comhoibriú chun táscairí a fhorbairt agus a mheas.

Freagra an Choimisiúin

Chuir an Coimisiún friotal le téacs an Bheartais chun coincheap na spásanna comhroinnte a aithint faoin réimse toraidh “Ionchuimsitheacht,” agus tagraítear ann anois do sholáthar sábháilte ábhar nuachta agus cúrsaí reatha faoin réimse toraidh “Iriseoireacht.”

Maidir le haighneachtaí na bhfreagróirí a bhaineann le ró-rialúchán nó sainchúram an Choimisiúin a fheidhmiú thar acmhainn, féach ar [fhreagra an Choimisiúin faoi “Ról Choimisiúin na Meán”](#).

I ndáil leis na táscairí, rinne an Coimisiún athruithe ar a bheartas chun a thabhairt le fios go bhféadfadh na táscairí a bheith gaolta nó fite lena chéile, go bhféadfadh athrú teacht ar ualú agus ar thábhacht na dtáscairí le himeacht ama, agus go bhfuil réimse tosca a imríonn tionchar ar an gcuma a bheidh ar na táscairí ó thaobh na praiticiúlachta de. Rinne an Coimisiún athruithe chun tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis maidir le feasacht agus taithí soláthraithe seirbhíse iomchuí le nithe rialála nó nithe eile.

Ar ábhar sonraí agus foinsí faisnéise go ginearálta, soiléirítear sa Bheartas anois go mbeidh aird ag an Coimisiún ar a shainchúram reachtúil agus ar na forálacha iomchuí dlíthiúla a bhaineann le sonraí agus faisnéis áirithe a bhailiú agus a úsáid.

Struchtúr agus cur chun feidhme an Bheartais

Forbhreathnú ar thuairimí

Ar an iomlán, rinne freagróirí aighneachtaí maidir le cur chun feidhme praiticiúil codanna áirithe den Bheartas, lena n-áirítear mar a thagann saincheistean áirithe chun cinn, cén athruithe is féidir a dhéanamh laistigh de thriúrdhreach na meán agus an t-ábhar machnaimh ba chóir a bheith ag an gCoimisiún agus é ag gníomhú chun tacú le hiolrachas na meán é a chur chun cinn.

D'ardaigh freagróirí áirithe ceistean maidir le cur i bhfeidhm an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán ag an gCoimisiún, agus d'iarr siad ar an gCoimisiún a chinntiú go gcomhlíonann sé a dhualgais ina thaobh sin, lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil fáil ag faighteoirí seirbhísí meán ar raon éagsúil ábhar atá neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de.

Freagra an Choimisiúin

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil trácht suntasach déanta ar chur i bhfeidhm an Bheartais agus tabharfaidh sé na nithe arna n-ardú i gcuntas agus é ag obair chun creat a fhorbairt chun iolrachas na meán a thomhas, agus tá i gceist aige comhoibriú le páirtithe leasmhara i ndáil leis seo. Chun tuilleadh sonraí a fháil féach ar an [mír “na chéad chéimeanna eile” den doiciméad seo](#).

I dtaca leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán, tugann an Coimisiún d'aire an léitheora gur ainmníodh é mar an t-údarás rialála náisiúnta don Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán faoi ionstraim reachtúil i mí Feabhra 2025. Tá an Coimisiún ag súil le cumhachtaí agus feidhmeanna amach anseo trí chur i bhfeidhm an Bhille Craolacháin (Leasú) agus an Bhille um Rialáil na Meán – déantar tagairt do na feidhmeanna agus na cumhachtaí sin ar ardleibhéal i dtéacs an Bheartais, mar is ceart d'fhaighteoirí seirbhísí meán. Tá tús curtha ag an gCoimisiún cheana féin leis an obair chun na codanna den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán as a bhfuil sé freagrach go dtí seo a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh an



Coimisiún aon fheidhmeanna nó cumhachtaí a eascraíonn as an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán chun feidhme mar is cuí agus mar is gá.

